# Ábhar Tacaíochta






## Ag Úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha chun tacú le Foghlaim na Gaeilge

### Torthaí Foghlama

Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- **Teanga ó Bhéal** – m.sh., Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird; Inspreagadh agus rogha; Stór focal; Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe; Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach
- **Léitheoireacht** – m.sh., Stór focal; Cuspóir, seánra agus guth
- **Scríbhneoireacht** – m.sh., Stór focal; Struchtúr abairte agus gramadach; Cuspóir, seánra agus guth; Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs

Agus teicneolaíocht in úsáid chun tacú le foghlaim na Gaeilge, tugtar an deis do pháistí **príomhinniúlachtaí** a fhorbairt, mar shampla:




- A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid go fiosrach, go muiníneach, go freagrach agus go cruthaitheach.
- A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid trí scileanna litearthachta a fhorbairt chomh maith leis an gcumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.
- A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach trí bheith ag súgradh, ag foghlaim, agus ag obair leat féin agus le daoine eile.

San Ábhar Tacaíochta seo tugtar moltaí maidir le foghlaim agus teagasc i scoileanna meán-Bhéarla maidir le:

1. Téacsanna as Gaeilge a chruthú
2. Teicneolaíocht taifeadta gutha
3. Acmhainní ar líne

Nuair a úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha i bhfoghlaim agus teagasc teanga, cuirtear le rannpháirtíocht agus cumas na bpáistí sa Ghaeilge sa trí shnáithe – Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht. Cruthaítear deiseanna an Ghaeilge a chomhtháthú i réimse tascanna, gníomhaíochtaí agus tionscadal traschuraclaim. Is féidir an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, i gceachtanna teanga scoite agus go neamhfhoirmiúil i ngníomhaíochtaí laethúla.

## 1. Téacsanna as Gaeilge a chruthú

Is é an sainmhíniú atá ar 'téacs' i gCuraclam Teanga na Bunscoile ná 'gach toradh ar úsáid teanga', lena n-áirítear **digiteach agus ilmhódach**. Cuireann acmhainní digiteacha le hacmhainní traidisiúnta, agus tugann na gnéithe ilmhódacha rud sa bhreis don eispéireas foghlama. Trí théacsanna digiteacha a chruthú, is féidir le páistí a gcuid foghlama i gcás na dtrí snáithe sa churaclam a léiriú i modhanna éagsúla, lena n-áirítear téacs, modh amhairc agus modh fuaime.

**Na tairbhí a bhaineann le téacsanna digiteacha a chruthú**

- ✓ Cuirtear stór focal nua i láthair agus neartaítear é nuair a úsáidtear íomhánna agus fuaim
- ✓ Spreagtar rogha agus rannpháirtíocht toisc gur féidir le páistí ardáin dhigiteacha éagsúla a úsáid agus an nasc idir cruthú téacsanna digiteacha agus cumarsáid fíorshaoil a fheiceáil
- ✓ Forbraítear scileanna litearthachta digití na bpáistí
- ✓ Cothaítear smaointeoireacht chriticiúil agus an chruthaitheacht agus na páistí ag triail téacs, íomhánna agus fuaimeanna a tharraingt le chéile
- ✓ Fiosraítear seánraí agus cuirtear chun cinn guth an pháiste toisc gur féidir leis na páistí topaicí, formáidí agus stíleanna a roghnú ar féidir iad a chur in oiriúint do gach cumas foghlama.

> Agus uirlisí digiteacha á roghnú chun tacú le forbairt teanga, ba chóir uirlisí a roghnú lena gcuimsítear úsáid téacs, íomhánna, físeán agus tráchtaireachta fuaime.

Sular féidir le páistí téacs digiteach a chruthú, tabhair deiseanna dóibh an teanga atá ag teastáil don tasc a fhoghlaim agus a úsáid. Déan **múnlóireacht ar an bpróiseas**, ag cur na teanga i láthair na bpáistí i gcomhthéacs. Ina dhiaidh sin, **comhchruthaigh téacs** leis na páistí sula dtugann siad faoi obair **neamhspleách**. Tacaigh leis na páistí ag gach céim trí scafaill teanga a chur ar fáil, amhail frámaí abairtí, bainc focal agus foclóirí. Cuir deiseanna ar fáil do na páistí a gcuid téacsanna a roinnt agus aiseolas a fháil. Seo thíos trí rogha de teicneolaíochtaí digiteacha chun téacsanna as Gaeilge a chruthú, chomh maith le heispéiris foghlama mholta ó Chéim 1 – Céim 4.

# Ag Úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha chun tacú le Foghlaim na Gaeilge

## Scéalaíocht Dhigiteach le hAipeanna Cruthaitheacha atá Oiriúnach do Pháistí

Tacaíonn scéalaíocht dhigiteach le forbairt na Teanga ó Bhéal agus páistí ag cruthú, ag beochan agus ag insint a scéalta féin trí úsaid a bhaint as aipeanna oiriúnacha. Ba chóir na haipeanna seo a úsáid don scéalaíocht dhigiteach i mBéarla ar dtús ionas go mbeidh taithí ag na páistí air sula dtéitear ar aghaidh chuige i nGaeilge.

Ag Céim 1 agus Céim 2, is féidir leis na páistí comhrá simplí idir carachtair a thaifeadadh san aip, mar shampla: '*Is mise Áine, cé tusa?*' '*Is mise an chailleach, ha, ha, ha*'.

Ag Céim 3, is féidir leis na páistí athinsint nó insint dhigiteach a chruthú le habairtí mar seo:

'*Lá breithe Sheáin a bhí ann. Chuaigh Seán agus a chairde go dtí an zú. Ar dtús chonaic siad moncaí ag damhsa. Ina dhiaidh sin ....*'

Ag Céim 4, is féidir cur leis an tasc agus abairtí a éiríonn níos casta a úsáid. Mar shampla, má tá fócas na foghlama ar **Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe**, is féidir le páistí oibriú i ngrúpaí agus a chinntiú go gcuireann gach carachtar sa scéal ceist amháin ar a laghad as Gaeilge. Más é an zú an comhthéacs, d'fhéadfadh na páistí agallamh a chur ar an gcoimeádaí zú agus ceisteanna mar seo a chur san áireamh: '*Cén t-ainmhí is fearr leat?*', '*Cé mhéad banana a itheann an moncaí gach lá?*' srl.

I measc na n-aipeanna úsáideacha atá oiriúnach do pháistí tá: *Toontastic 3D* atá le fáil ar Google Play agus *Puppet Pals* atá le fáil ar an AppStore

Samplaí de theanga a bhaineann le cúrsaí ama

- *Fadó fadó ...*
- *Ag an tús,*
- *Ar dtús báire ...*
- *Ina dhiaidh sin, ansin, tamall ina dhiaidh, ag an deireadh, an lá ina dhiaidh sin ...*
- *Oíche Aoine a bhí ann ...*
- *Maidin inné ....*
- *Lá fada a bhí ann inné ...*


## Ríomhleabhair a chruthú sa seomra ranga

Is leagan digiteach de leabhar clóite é ríomhleabhar ina bhfuil téacs, íomhánna, agus fuaim. Is féidir iad a úsáid i raon seánraí agus réimsí curaclaim. Trí úsáid a bhaint as aipeanna oiriúnacha, amhail *Book Creator*, is féidir páistí a spreagadh chun téacsanna digiteacha a chruthú as Gaeilge in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI), mar shampla.

Ag Céim 1 agus Céim 2, is féidir leis na páistí pictiúir a ghlacadh de nithe i dtimpeallacht na scoile agus ríomhleabhar a chruthú agus iad ag úsáid samplaí d'Fheidhmeanna Teanga amhail dearcadh a léiriú: '*Is maith liom..*' nó ceist amhail '*Cá bhfuil an...?*' a chur.

Ag Céim 3, is féidir leis na páistí ríomhleabhar a chruthú ina dtaispeántar comharthaí an earraigh. Féadann na páistí pictiúir a ghlacadh timpeall na scoile agus guthú simplí a chur leis an ríomhleabhar; m.sh., '*Sin bláth. Tá an t-earrach ann. Tá an féar ag fás*'.

Ag Céim 4, is féidir leis na páistí ríomhleabhar a chruthú lena ndéantar ceiliúradh ar an timpeallacht áitiúil. Féadann siad pictiúir a ghlacadh d'fhoirgnimh, áiseanna agus sainchomharthaí tíre, agus eolas simplí a chur leis i nguthú.




Is féidir le múinteoirí agus páistí féachaint ar agus éisteacht le téacsanna digiteacha a chruthaigh na páistí chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga agus chun na chéad chéimeanna foghlama eile a phleanáil i dtaobh stór focal, struchtúr abairte nó feidhmeanna teanga nua de.



# Ag Úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha chun tacú le Foghlaim na Gaeilge

## Téacsanna as Gaeilge a chruthú le Teicneolaíocht Íomhá ar Íomhá

Is éard atá i gceist le beochan íomhá ar íomhá (stop-motion animation) ná teicníc lena nglactar pictiúir de rud nó carachtair, ag déanamh athruithe beaga idir gach grianghraf. Nuair a chuirtear na pictiúir le chéile bíonn an chuma orthu go bhfuil siad ag gluaiseacht. Is féidir bréagáin, puipéid, Lego, deilbhíní cré nó íomhánna a tharraing na páistí a úsáid. Is féidir leis na páistí a gcuid saothar ealaíne a úsáid freisin chun cúlraí a chruthú. Cuidíonn úsáid na teicneolaíochta le tascanna as Gaeilge a dhéanamh **tarraingteach**, rud a chuireann ar chumas na bpáistí a gcuid foghlama teanga a léiriú.


Ag Céim 1 agus Céim 2, is féidir beochan íomhá ar íomhá a úsáid chun rainn nó dánta a bhfuil cur amach ag na páistí orthu a bheochan, mar shampla 'Tá Teidí ag Siúl', agus iad ag léiriú go gníomhach a gcuid tuisceana ar na focail ghnímh 'ag siúl, ag léim, ag titim', srl.

Ag Céim 3, is féidir beochan íomhá ar íomhá a úsáid chun nithe a bheochan chun réamhfhocail a chleachtadh; m.sh., tá sé sa leaba, ..ar an leaba, ..faoin leaba, srl.

Ag Céim 4, is féidir leis na páistí obair a dhéanamh le chéile agus téacs íomhá ar íomhá a chruthú chun téacs a insint as Gaeilge, rud a chuireann ar a gcumas smaoineamh ar an teanga atá ag teastáil agus cinntí a dhéanamh maidir léi, agus cuireann sé feabhas ar a stór focal.

Tá físeáin ar líne ag Oide, Teicneolaíocht san Oideachas, a thugann léargas ar an gcaoi a úsáideann múinteoirí an teicneolaíocht go héifeachtach chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim agus teagasc agus tá siad le fáil anseo.

## 2. Teicneolaíocht taifeadta gutha



Micreafóin taifeada



Cnaipí labhartha




Cártaí intaifeadta

Tá roinnt mhaith fearais teicneolaíochta taifeadta gutha inrochtana ar fáil, atá éifeachtach ó thaobh costais de agus a chuireann le heispéiris foghlama sna snáitheanna Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht.

Is uirlisí taifeadta fuaime iad micreafóin taifeadta agus cnaipí labhartha atá éasca le húsáid agus a chuireann athsheinm ar an toirt ar fáil. Tá gné bhreise ar mhicreafóin taifeadta, is é sin stóráil comhad fuaime agus roghanna íoslódála.

Is cláir bhána inghlanta iad cártaí intaifeadta ag a bhfuil feidhm taifeadta fuaime.

### Tairbhí a bhaineann le teicneolaíocht taifeadta gutha a úsáid

- ✓ Cuirtear le timpeallachtaí foghlama níos ionchuimsithí tríd na modhanna iomadúla léirithe.
- ✓ Tugtar deis do pháistí an sprioctheanga a chloisteáil cúpla uair, rud a chabhraíonn leis an bpróiseas sealbhaithe teanga.
- ✓ Forbraítear scileanna éisteachta gníomhaí na bpáistí toisc go n-iarrtar ar pháistí cluas a chur orthu féin do phíosa eolais i ngearrthóg fuaime.
- ✓ Tacaítear le páistí iad féin a aithint mar chainteoirí Gaeilge

Tá samplaí de ghníomhaíochtaí lena n-úsáidtear uirlisí taifeadta gutha thíos.

### Teanga ó Bhéal:

- Úsáid micreafón taifeadta mar 'uirlis labhartha' le linn Am Ciorcail. Úsáid an fheidhm thaifeadta le píosaí cainte na bpáistí a shábháil agus iad a úsáid don mheasúnú. Is féidir taifeadtaí a ghlactar ag uaireanta éagsúla i gcaitheamh na bliana a úsáid chun an dul chun cinn a mheas.
- Úsáid micreafón taifeadta nó cnaipe labhartha chun cluichí leide 'Tomhais cé mé' a imirt. Taifead cur síos roimh ré ar pháiste sa rang / ball foirne / duine cáiliúil / carachtar ó scéal a léadh le déanaí. Seinn an taifeadadh don rang agus déanfaidh na páistí iarracht 'Cé mé?' a thomhas.
- Úsáid micreafón taifeadta nó cnaipe labhartha chun páiste a thaifeadadh agus é/í ag tabhairt teachtaireachta / réamhaisnéis na haimsire, cuntas ar an méid a rinne sé/sí inne, srl. Seinn don rang é agus tabhair trí sheans do na páistí iarracht a dhéanamh 'Cé atá ag caint?' a thomhas. Is féidir an taifeadadh a dhéanamh i nguth greannmhar nó i nguth carachtair chun an ghníomhaíocht a dhéanamh níos spraíúla.

## Ag Úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha chun tacú le Foghlaim na Gaeilge

### Léitheoireacht:

- Is féidir leis na páistí iad féin a thaifeadadh ar mhicreafón taifeadta nó cnaipe labhartha agus iad ag léamh. Lig dóibh éisteacht siar ar a gcuid taifeadtaí agus iad féin a cheartú i dtaobh fuaimniú srl. Is féidir leis an múinteoir na taifeadtaí a úsáid freisin chun bearnaí i léamh na bpáistí a shainaithint agus mioncheachtanna a phleanáil chun dul i ngleic le hearráidí coitianta léitheoireachta srl.
- Úsáid cnaipí labhartha le linn Amharclann an Léitheora.[1] Is féidir leis an múinteoir na línte do gach carachtar a thaifeadadh. Ciallaíonn sé sin go mbíonn rochtain leanúnach ag gach grúpa ar línte a gcarachtar chun cruinneas fuaimnithe, tuin chainte oiriúnach, srl., a chinntiú.
- Úsáid cártaí intaifeadta le linn gníomhaíochtaí fónaice. Is féidir le páistí pictiúir a tharraingt, focail a scríobh agus/nó focail a thaifeadadh ó bhéal leis an spriocfhuaim.

### Scríbhneoireacht:

- Úsáid cártaí intaifeadta le haghaidh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta teacht chun cinn ag Céim 1 agus Céim 2 nó le haghaidh 'Mo Nuacht' agus tascanna scríbhneoireachta eile, lena n-áirítear giniúint smaointe ag Céim 3 agus 4. Is féidir leis na páistí an clár bán a úsáid le haghaidh an tsaothair scríofa/léirithe agus tráchtaireacht fuaime a chur leis tríd an bhfeidhm thaifeadta.
- Is féidir cártaí intaifeadta a úsáid le haghaidh cleachtaí deachtaithe freisin. Is féidir abairtí a thaifeadadh ó bhéal ar an gcárta, agus bíonn ar na páistí iad a scríobh/léiriú ar an gcárta. Tugann an taifeadadh deis dóibh an abairt a athsheinm agus a fhéinseiceáil de réir mar a scríobhann siad.
- Is féidir cnaipí labhartha nó an micreafón taifeadta a úsáid le linn gníomhaíochtaí litrithe ina bhfiosraíonn na páistí athruithe gramadaí ar fhocail. Féadann an múinteoir liosta focal, lena mbaineann gné den ghramadach (m.sh., séimhiú ar bhriathra a thosaíonn le consan san Aimsir Chaite), a réamhthaifeadadh. Éisteann na páistí leis sin agus déanann siad amach cén t-athrú atá ann.



## 3. Acmhainní ar líne

Ach an teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú i bhfoghlaim agus teagasc na Gaeilge, cuirtear feabhas ar **an rannpháirtíocht**, go háirithe le leabhair agus cluichí idirghníomhacha ar líne. Tacaíonn sí i dtaobh na foghlama teanga breise toisc gur féidir páistí a spreagadh le scil a chleachtadh arís agus arís eile ar bhealach tarraingteach. Tairbhe eile ná gur féidir acmhainní ar líne a úsáid lasmuigh den seomra ranga agus is féidir leo tacú le naisc idir an baile agus an scoil, rud a chuireann ar chumas na bpáistí **a bheith i dteagmháil leis an nGaeilge sa bhaile**. Anseo thíos tá roinnt acmhainní saor in aisce. Cé gur forbraíodh go príomha do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge iad, tá siad oiriúnach lena n-úsáid i scoileanna meán-Bhéarla. Agus na hacmhainní ar líne seo á roghnú don teagasc don rang ar fad agus do ghníomhaíochtaí grúpa, smaoinigh ar chéim forbartha teanga na bpáistí.

### Séideán Sí

Cuireann an acmhainn chuimsitheach ilmheán seo leabhair léitheoireachta agus cluichí idirghníomhacha ar fáil. Féadann múinteoirí na cinn is fearr a oireann do riachtanais agus cumais na bpáistí ina rang a aimsiú. Tacaíonn gnéithe ilmhódacha na leabhar ar líne, lena n-áirítear ábhair amhairc agus fuaime, le tuiscint, fuaimniú, foclóir, agus struchtúr abairte. Tacaíonn an rogha cluichí idirghníomhacha le dul chun cinn san fhoghlaim toisc gur féidir leis na páistí réimsí

[1] Is éard is Amharclann an Léitheora ann cur chuige ina dtarlaíonn léitheoireacht leanúnach ar an téacs céanna thar roinnt mhaith laethanta. Déantar an léitheoireacht leanúnach ar bhealaí éagsúla, agus glacann na páistí páirt i gcineál difriúil léitheoireachta gach lá (léitheoireacht mhúnlaithe, léitheoireacht mhacallach, léitheoireacht chórúil, léitheoireacht neamhspleách). Ar an lá deireanach bíonn léiriú den téacs ann.

# Ag Úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha chun tacú le Foghlaim na Gaeilge

foghlama teanga a bhaineann lena gcéim forbartha a chleachtadh, m.sh., abairtí a chur le híomhánna nó briathra san aimsir chaite. Tá an acmhainn ar fáil i ngach canúint. Tá Séideán Sí ar fáil anseo ag: seideansi.ie

## Léigh Anois

Cuireann an acmhainn seo leabhair ghrádaithe ar fáil ó na leibhéil 1–4. Léitear os ard iad agus tá gnéithe ilmhódacha ann a thacaíonn leis tuiscint agus le fuaimniú. Tá 'ailt nuachta' ar an suíomh gréasáin freisin, a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do Chéim 3 agus Céim 4, lena mbaineann naisc foclóra idirghníomhacha a thacaíonn leis an tuiscint. Tá 'Léigh Anois' le fáil anseo ag: www.leighanois.com

## Foghlaí Focal

Tá an cluiche idirghníomhach seo bunaithe ar an 200 focal ardmhinicíochta as Gaeilge, roinnte ina Aidiachtaí, Ainmfhocail agus Briathra. Cuirtear modh spraíúil agus idirghníomhach ar fáil chun foclóir a fhorbairt, agus chun fuaimeanna, litriú, struchtúr abairte agus brí a fhiosrú. Cuirtear an foclóir i láthair in abairtí a léitear os ard agus tacaíonn sé sin leis an bhfuaimniú. Spreag na páistí na habairtí a léamh os ard, ina n- aonar nó in éineacht le duine eile, chun a gcuid muiníne ag úsáid na Gaeilge a threisiú. Tá an cluiche le fáil anseo ag: https://ccea.org.uk/foghlai-focal

## Féasta Focal

Is cnuasach cluichí idirghníomhacha é Féasta Focal atá bunaithe ar an 200 focal ardmhinicíochta as Gaeilge a fhaightear i léitheoireacht na bpáistí. Is féidir na spléach-chártaí a úsáid le haghaidh cluichí meaitseála nó cuimhne. Moltar na focail a chur i láthair a chéaduair i bhfrásaí/abairtí chun gur féidir leis na páistí an focal a úsáid sa chomhthéacs ceart. Tá Féasta Focal ar fáil anseo: https://ccea.org.uk/feasta-focal

## Snas ar Scéal

Is é is aidhm don acmhainn seo ná páistí a spreagadh chun bealaí eile a fhiosrú lena gcuid smaointe a chur in iúl agus le cur lena stór focal don scríbhneoireacht. Tá cluichí idirghníomhacha ar an suíomh gréasáin, cluichí a dhíríonn ar na frásaí/abairtí atá ar na hábhair chlóite a dhaingniú ar bhonn spraíúil, tarraingteach. Cuirtear an stór focal i láthair in abairtí a léitear os ard agus is féidir leis sin tacú le fuaimniú. Is féidir na cluichí idirghníomhacha a imirt ar ríomhairí glúine agus ar tháibléid agus is féidir teacht air anseo.

## Eleathanach

Is éard atá in Eleathanach ná nuachtlitir sheachtainiúil leictreonach saor in aisce as Gaeilge do pháistí ag Céim 4. Is féidir an t-ábhar agus an teanga a chur in oiriúint do na páistí ina rang; m.sh., foclóir níos simplí a úsáid, líon na bhfocal a laghdú, srl. Is féidir teacht ar Eleathanach anseo.

Tá roinnt mhaith acmhainní ar líne eile ar fáil chun tacú le foghlaim agus teagasc na Gaeilge agus tá liosta cuimsitheach le fáil ar shuíomh gréasáin COGG ag An Tairseach.

## Foclóirí ar líne

Tá sé tábhachtach páistí a theagasc le foclóirí ar líne a úsáid toisc go gcuidíonn sé leo brí na bhfocal a dtagann siad orthu i dtéacsanna a aimsiú go neamhspleách. Is féidir leis an múinteoir múnlú a dhéanamh ar an gcaoi le foclóir nó teasáras ar líne a úsáid, chun foirmeacha agus bríonna iomadúla focail a fhiosrú, mar aon leis an gcaoi le brí a mheaitseáil le comhthéacs ar leith. I measc na n-acmhainní úsáideacha ar líne tá teanglann.ie (le haghaidh focail a úsáidtear i gcomhthéacs), téarma.ie (le haghaidh téarmaí), agus potafocal.com (teasáras).

